

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14843/26
ADD 1

EF 274
ECOFIN 1353
DELECT 163

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 6845 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla áirithe atá ar ionaid trádála agus scoradain trádála

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6845 annex.

Faoi iamh: C(2026) 6845 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.10.2026
C(2026) 6845 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/584 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla áirithe atá ar ionaid trádála agus scoradáin trádála

IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN II

Faisnéis atá le tuairisciú d’údaráis inniúla de bhun Airteagal 19b(4)

Tá gach réimse éigeantach, mura sonraítear a mhalairt.

	RÉIMSE	ÁBHAR ATÁ LE TUAIRISCIÚ	FORMÁID AGUS CAIGHDEÁIN ATÁ LE HÚSÁID CHUN TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH
1	Ionad trádála	Ainm dlíthiúil iomlán an ionaid trádála tuairiscithe	Téacs saor
2	MIC oibriúcháin	MIC oibriúcháin	4 charachtar alfa-uimhriúla (Úsáid MIC oibriúcháin ISO 10383:2012. Má fhoilsítear leagan nua de ISO 10383, bain úsáid as an leagan sin den MIC oibriúcháin, ar choinníoll gur féidir i gcónaí an t-ionad trádála a gcuirtear na scoradáin trádála i bhfeidhm maidir leis a shainaithint, mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo.)
3	MIC deighleoise	[ROGHNACH] MIC deighleoise. Má chuirtear scoradáin trádála i bhfeidhm ar leibhéal MIC Oibriúcháin, is féidir an réimse seo a fhágáil folamh.	4 charachtar alfa-uimhriúla (Úsáid MIC deighleoga ISO 10383:2012. Má fhoilsítear leagan nua de ISO 10383, bain úsáid as an leagan sin den MIC deighleoise, ar choinníoll gur féidir fós an t-ionad trádála a gcuirtear na scoradáin trádála i bhfeidhm maidir leis a shainaithint, mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo.)
4	An cineál córais trádála	Míniú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag an gcineál córais trádála ar dhearadh scoradán trádála.	Téacs saor, Cineálacha córais trádála: [CLOB], [QDTS], [PATS], [RFQT], [HYBR], [OTHR]
5	Ionstraimí trádáilte	Cineál na n-ionstraimí airgeadais a thrádálann an t-ionad trádála a bhfuil	[Scaireanna], [Cothromas eile],

		feidhm ag na scoradán trádála ar a dtugtar tuairisc maidir leo.	[Bannaí], [Díorthaigh tráchtearraí], [Neamhchothromas eile], [Gach a bhfuil thuas]
6	Cineál scoradán trádála	Foirm/foirmeacha scoradán trádála atá curtha chun feidhme ag an ionad trádála tuairiscithe.	[Stop trádála], [Coiléir praghsanna] nó, [Eile], sonraithe i réimse 6
7	Cineál eile scoradán trádála	[ROGHNACH, más ‘Eile’ é réimse 5] Foirm eile na scoradán trádála atá curtha chun feidhme ag an ionad trádála tuairiscithe.	Téacs saor
8	Oiriúnacht scoradán trádála a cuireadh chun feidhme agus tuairisc ar atosú trádála	Míniú gairid ar an bhfáth a n-oireann na scoradán trádála a cuireadh chun feidhme don chóras trádála oibrithe agus ar na céimeanna sula n-atosáítear an trádáil	Téacs saor
9	Scoradán trádála shocra nó dhinimiciúla	Cineál sonrach na scoradán trádála atá curtha chun feidhme ag an ionad trádála tuairiscithe.	[Socair], [Dinimiciúil], [Socair agus Dinimiciúil]
10	Míniú ar an bhfáth a gcuirtear scoradán trádála socair nó dinimiciúil i bhfeidhm	[ROGHNACH, más socair amháin nó dinimiciúil amháin é réimse 8] Míniú gairid ar an bhfáth nach n-úsáidtear ach scoradán trádála shocra nó dhinimiciúla amháin.	Téacs saor
11	Praghas tagartha a úsáidtear chun críoch na scoradán trádála	Tuairisc ghairid ina mínítear, ag brath ar an ionstraim, cad iad na praghsanna tagartha socra agus dinimiciúla (e.g. praghas scoir an lae roimhe sin, meán na bpragsanna idirbheart sna 5 nóiméad roimhe sin), má fhaightear an praghas tagartha ar an ionad nó as an ionad, cé chomh minic a tharlaíonn nuashonruithe. Thairis sin, sonraigh an chaoi a dtugtar an praghas tagartha cothrom le dáta ar atosú trádála tar éis ghníomhachtú an scoradán trádála.	Téacs saor
12	Fad íosta an stop i soicindí (i gcás inarb infheidhme)		Uimhir
13	Tuairisc ardleibhéil ar chalabráir scoradán trádála	Na hathróga go léir a bhreithnítear i modheolaíocht chalabrácháin an ionaid trádála amhail: [próifil leachtachta agus leibhéal luachana na hionstraime] [próifil luaineachta na hionstraime] [córas agus rialacha an ionaid trádála] [bunaithe ar shonraí inmheánacha] [bunaithe ar shonraí seachtracha] [an líon uaireanta a cuireadh an sásra i ngníomh sna 3 bliana roimhe sin] [eile]	Téacs saor

14	Sásraí/socruithe speisialta	[ROGHNACH] Imeachtaí eisceachtúla margaidh a dteastaíonn sásraí/socruithe speisialta ina leith. I gcás sásraí speisialta nó socruithe speisialta, tuairisc ar na sásraí/socruithe sin agus ar na teagmhais mhargaidh lena ngníomhachtaítear iad (e.g. cumarsáid fheabhsaithe leis an údarás inniúil; na tairseacha a oiriúnú ag eatraimh níos minice; cumarsáid fheabhsaithe le feidhmeanna eile laistigh den eintiteas).	Téacs saor
15	Socruithe eile (is infheidhme maidir le córais trádála seachas an Leabhar Orduithe Teorann Lárnach agus Ceant Tréimhsiúil)	[ROGHNACH] Faisnéis faoi shocruithe eile a úsáideann córais seachas an Leabhar Orduithe Teorann Lárnach agus córais trádála Ceant Tréimhsiúil.	Téacs saor
16	Coigeartuithe athchalabruithe nó	Na teagmhais mhargaidh is ábhartha ar ina leith a d'éiligh an t-ionad trádála idirghabháil shubstaintiúil le bliain anuas i dtéarmaí chalabhrú nó choigeartú an tsásra.	Téacs saor
17	Faisnéis ábhartha bhreise	Tuairisc ghairid ar fheidhmiú na scoradán trádála agus atosú trádála, agus aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh an t-ionad trádála tuairiscithe a mheas a bheith ábhartha le tuairisciú, lena n-áirítear mura bhfuil aon ionstraim trádála faoi réir scoradán trádála.	Téacs saor
18	Na príomhtheagmhais a spreag scoradán trádála sa bhliain roimhe sin	[Roghnach] Faisnéis maidir le haon mhórtheagmhas ábhartha a spreag scoradán trádála sa bhliain roimhe sin.	Téacs saor